# An Ghaeltacht 2

*TEG B2: Aonad 8*

## SAN AONAD SEO

**Foghlaimeoidh tú:**

- Faoi thábhacht an chultúir sa Ghaeltacht;
- Foclóir coitianta a mbaintear úsáid as sa Ghaeltacht;
- Roinnt nathanna canúnacha.

**Díreofar ar an mír seo gramadaí:**

- An tuiseal ginideach (uimhir uatha).

**Breathnófar ar na míreanna cultúrtha seo:**

- Piseoga na hÉireann;
- Amhránaíocht ar an sean-nós;
- Damhsa ar an sean-nós.



© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# A: SÚIL SIAR

- Céard iad na rudaí is mó is cuimhin leat ón aonad deireanach? Scríobh síos gach a bhfuil i do chloigeann gan féachaint siar ar na nótaí.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, déan plé ar na príomhghnéithe sin a gcuimhníonn tú orthu, in éineacht leis an duine atá in aice leat, agus breac síos aon rud a bhí fágtha amach agat.




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# B: FOCLÓIR

**Tá beagnach gach Gaeltacht lonnaithe cois farraige. An dtuigeann tú féin agus an duine atá in aice leat na téarmaí seo a leanas:**



| | Gaeilge | Béarla / Míniúchán |
|---|---|---|
| a) | Feamainn | |
| b) | Lán mara | |
| c) | Díthrá | |
| d) | Duirling | |
| e) | Cladach | |
| f) | Ceobhrán | |
| g) | Curach | |
| h) | Naomhóg | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: CLUASTUISCINT

**Ceisteanna cluastuisceana**
Cloisfidh tú mír éisteachta ó YouTube anseo. Freagair na ceisteanna seo thíos (ach ná breathnaigh ar an scáileán agus an píosa cainte ar siúl):

**Cuid 1:**

| |
|---|
| **a)** Cén uair a bhíodh a athair ag damhsa? |
| **b)** Ar mhúin a athair damhsa dó? |
| **c)** Cén fáth a bhfuil sé ag leanúint ar aghaidh leis an damhsa? |

**Cuid 2**
(Tar éis an cheoil agus an damhsa – ó 02:06 ar aghaidh)

| |
|---|
| **d)** Céard é an rud is tábhachtaí, dar leis? |
| **e)** Ar athraigh sé an stíl a bhí ag a athair? |
| **f)** Tabhair dhá phíosa eolais faoin stíl damhsa seo: |

Nuair a bheidh an ghníomhaíocht thuas curtha i gcrích agaibh, féach ar an bhfíseán ar YouTube.



# D: FEASACHT TEANGA

**1. Gramadach - An Tuiseal Ginideach**

Seo a leanas na comhthéacsanna ina n-úsáidtear an tuiseal ginideach (agus tá muid ag díriú ar an uimhir uatha anseo):

| | Bíonn an tuiseal ginideach (uatha) i gceist sna cásanna seo a leanas: | Samplaí: |
|---|---|---|
| **1.** | Nuair a leanann ainmfhocal ainmfhocal eile.<br><br>(Is minic a bhíonn seilbh á cur in iúl anseo, chomh maith.) | • seomra foirne<br>• halla pobail<br>• léachtóir ollscoile<br><br>• hata Sheáin<br>• gluaisteán an fhir<br>• rothar na mná<br>• oifig an phríomhoide |
| **2.** | Nuair a thagann ainmfhocal tar éis ainm briathartha. | • ag glanadh an tí<br>• ag déanamh na hoibre<br>• ag ól an fhíona |
| **3.** | Nuair a leanann ainmfhocal na réamhfhocail áirithe seo: ‘chun’, ‘timpeall’, ‘cois’, ‘dála’, ‘trasna’. | • chun na Fraince<br>• timpeall na scoile<br>• dála an scéil<br>• trasna an bhóthair |
| **4.** | Nuair a leanann ainmfhocal réamhfhocal comhshuite. | • ar fud na hÉireann<br>• ar feadh seachtaine<br>• in aghaidh an lae |
| **5.** | Nuair a leanann ainmfhocal focal a chuireann cainníocht éiginnte in iúl. | • a lán oibre<br>• níos mó eolais<br>• an iomarca dí |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

**2. An féidir libh samplaí eile a chur leis na samplaí atá tugtha sa cholún atá ar thaobh na láimhe deise, thuas?**

| | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |

**3. Cén fáth a bhfuil na hainmfhocail a bhfuil cló trom orthu (ar chlé) sa tuiseal ginideach? Ticeáil an fáth ceart.**

| | Samplaí den TG | Ainmfhocal + ainmfhocal | Seilbh | An t-ainm briathartha | Réamhfhocal áirithe | Réamhfhocal chomhshuite | Cainníocht éiginnte |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| a) | Ag íoc **cíosa** | | | | | | |
| b) | Ar fud **na háite** | | | | | | |
| c) | Tar éis **na scoile** | | | | | | |
| d) | Os comhair **an fhoirgnimh** | | | | | | |
| e) | Seomra **ceoil** | | | | | | |
| f) | Carr **Mháire** | | | | | | |
| g) | Cois **teallaigh** | | | | | | |
| h) | An t-uafás **airgid** | | | | | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Ná déan dearmad…
Nuair a bhíonn an t-**ainmfhocal baininscneach**, ní mór an t-alt a athrú ó 'an' go dtí '**na**', cé go bhfuil an uimhir uatha i gceist!
E.g. i lár **na** páirce

## 4. Na hAthruithe Tosaigh (Uimhir Uatha)

Féach na hathruithe a dhéantar ar thús focail sa tuiseal ginideach, ag brath ar inscne an ainmfhocail:

| Ainmfhocal dar tús… | Firinscneach | Baininscneach |
|---|---|---|
| Consan | ag barr **an** b**h**óthair | ag tús **na** ceardlainne |
| Guta | ainm **an** údair | i lár **na** **h**abairte |
| s | doras **an** **t**siopa | trasna **na** sráide |
| d / t | pearsantacht **an** duine | gaineamh **na** trá |

## 5. Anois, cuir na hathruithe tosaigh i bhfeidhm sa cholún ar dheis, thíos:

| | An tAinmfhocal | An Tuiseal Ainmneach | An Tuiseal Ginideach |
|---|---|---|---|
| a) | **Bileog** | An b**h**ileog | Ag bun **na** ____ileoige |
| b) | **Bord** | An bord | Os comhair **an** _____oird |
| c) | **Súil** | An **t**súil | Dath **na** _______úile |
| d) | **Amhrán** | An **t-**amhrán | Fad **an** _______mhráin |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Is féidir úsáid a bhaint as **teanglann.ie** mar chúnamh, más gá, chun athruithe deiridh na n-ainmfhocal a fheiceáil!

### 6. Cleachtadh

Cuir sa tuiseal ginideach iad seo a leanas:

| | Frásaí | An Tuiseal Ginideach |
|---|---|---|
| **a)** | Ag scríobh (an litir) | |
| **b)** | Ainm (an mháthair) | |
| **c)** | Trasna (an bóthar) | |
| **d)** | I rith (an geimhreadh) | |
| **e)** | Ag tarraingt (pictiúr) | |
| **f)** | Ag ceiliúradh (an ócáid) | |
| **g)** | Tréimhse (an samhradh) | |
| **h)** | An iomarca (airgead) | |
| **i)** | Tar éis (an obair) | |
| **j)** | Le linn (an am) | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# E: LÉAMHTHUISCINT

1. **Tóg féin agus an duine atá le do thaobh sealanna ag léamh an tsleachta thíos (bunaithe ar alt a bhí ar www.tuairisc.ie). Tá gluais ag bun an ailt mar chúnamh.**

## 'Pisreoga Lá Bealtaine'



Féile mhór a bhí sa mBealtaine ag na Gaeil agus a bhuíochas lena tábhacht, is iontach go deo an lear seanchais agus pisreog atá fúithi.

Seo blaiseadh beag de na pisreoga a bhaineann le Bealtaine, as Bailiúchán na Scol – bailiúchán a rinneadh ar fud na tíre sna 1930idí:

1. Ná lig splanc ná tine amach as an teach inniu.
2. Ná tabhair deoir bhainne d'aon duine inniu.
3. Ná bíodh do shimléar ar an gcéad cheann a mbeidh deatach as.
4. Ná téigh ag iascach.
5. Ná leag aon chrann nó beidh feiceáil agat go deo ar **an slua sí.**
6. Nigh d'éadan sa **drúcht** le héirí gréine agus ní dhófaidh grian an tsamhraidh thú.
7. Buail amach le breacadh an lae agus nigh do lámha sa drúcht agus beidh tú in ann gach rud atá **in aimhréidh** a réiteach.
8. Ná codail amuigh oíche Bhealtaine.
9. Ná pós mí na Bealtaine.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

10. Fág **plaic** le n-ithe le hais do leapa san oíche mar má chloiseann tú **an chuach** ar **do chéalacan**, an mí-ádh a leanfaidh thú.
11. Ná caith amach aon uisce ar an tsráid.
12. Má theastaíonn leigheas uait ar easpa, rua, tinneas cinn nó tinneas fiacla inniu an lá le dul go dtí an bhean leighis.
13. Ná tabhair ainm ainmhí ar aon duine inniu.

## Gluais:

| | |
|---|---|
| **An slua sí =** the fairy folk | **An chuach** = the cuckoo |
| **Drúcht** = dew | **Ar céalacan** = on an empty stomach |
| **In aimhréidh** = askew | |

## Ceisteanna Léamhthuisceana:

a) Cén chanúint ina bhfuil an t-alt seo scríofa? ____________________________________________

b) Tá na focail seo a leanas scríofa sa chanúint sin. An féidir leat an leagan caighdeánach díobh a scríobh?:

| Canúint | Caighdeán |
|---|---|
| pisreoga | |
| ag iascach | |
| le n-ithe | |

c) An bhfuil aon phiseog eile ar eolas agat? (maidir le cat, dréimire nó scáthán, b'fhéidir!)

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

d) An gcreideann tú i bpiseoga? Nó an bhfuil aithne agat ar aon duine a chreideann iontu?

e) Téigh ar líne, lorg cúpla piseog suimiúil eile nár chuala tú fúthu go dtí seo agus scríobh anseo iad:

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2. Léigh an t-agallamh seo a leanas a rinne Máirín Nic Eoin leis an amhránaí sean-nóis, agus buaiteoir Chorn Uí Riada, Máire Ní Choilm, (bunaithe ar alt a bhí ar www.teagascnagaeilge.ie):**



**Cad atá i gceist leis an téarma sin 'sean-nós' nó cén dearcadh atá ag daoine faoin sean-nós?**
Bhuel sin ceist shuimiúil. Go minic nuair a smaoiníonn daoine ar an téarma nó ar an fhocal 'sean-nós' bíonn siad ag déanamh go mbaineann sé le seandaoine nó na seanleaids agus caipíní orthu agus iad ina suí cois teallaigh agus ag canadh amhráin. Ach feictear domsa anois go mbíonn go leor daoine óga ag freastal ar an Oireachtas achan bhliain agus tá níos mó suime ag daoine óga san amhránaíocht, sa damhsa ar an tsean-nós, agus tugann sé cuid mhór dóchais domsa nuair a fheicim na daoine óga seo ag teacht chuig an Oireachtas bliain i ndiaidh bliana, go bhfuil fás mór ag teacht air agus go bhfuil suim mhór ag daoine óga sa sean-nós sa lá atá inniu ann.

**Bhíteá féin ag ceol nuair a bhí tú i do mhac léinn Ollscoile. Agus céard a cheap do chairde agus do chomrádaithe an uair sin?**
Bhí siad iontach maith. Thug siad i gcónaí tacaíocht dom dá mbeinn ag ceol i lár na cathrach áit ar bith, b'fhéidir ag Sean-Nós Cois Life – bhí siad go maith. Thiocfadh cuid acu liom, agus tharla sé gur bhuaigh mé duais Oireachtais nuair a bhí mé i gColáiste Phádraig mar mhac léinn agus bhí siad millteanach maith dom agus thug siad go leor tacaíochta dom agus bhí siad bródúil asam agus bhí sin go deas, an tacaíocht sin a fháil.

**Bhí tú ag ceol thar lear freisin in áiteanna éagsúla – cén dearcadh atá ag an bpobal idirnáisiúnta ar an amhránaíocht?**
Bhuel chaith mé cúig seachtaine nó mar sin i Meiriceá i rith an tsamhraidh i mbliana agus bhí mé in Chicago ar feadh trí seachtainí agus bhínn ag ceol ansin sna tithe tábhairne agus tá pobal mór ansin a bhfuil suim acu sa cheol traidisiúnta agus bhí siad iontach tógtha leis. Ní raibh siad ag iarraidh ormsa amhrán ar bith a cheol i mBéarla – deireadh siad liom '*no*, ceol amhrán i nGaeilge, amhrán i nGaeilge'. Agus bhí an-an-suim acu. Agus bhí mé ag ceol ar Oileán Mhanann anuraidh agus bhí an-suim ag na daoine ansin ann fosta, tá siad ag iarraidh an teanga… cineál...athbheochan a dhéanamh ar an teanga ansin agus bhain siad an-an-suim as mo chuid amhránaíochta fosta.

**An gceapann tú gur féidir an sean-nós a mhúineadh?**
Sílim gur féidir. Bhí mise ag múineadh sean-nóis ansin sna scoileanna, bhí mé ag obair i Scoil Lorcáin agus i nGaelscoil Chnoc na Ré i Sligeach agus bhíodh ranganna sean-nóis agam i gcónaí leis na páistí agus rachadh siad sna comórtais – fleadh an chontae agus chuig an Oireachtas – agus d'éirigh go breá leo agus fuair siad duaiseanna agus bhíodh siad ag canadh le cineál stíl Chonallach agus bhíodh an fhoghraíocht acu agus achan rud. Is cuimhin liom bhí Meaití Joe Shéamais ag déanamh moltóireachta ar chailín amháin de mo chuid, Éabha Nic Mhathúna, agus bhuaigh sí an comórtas faoi chúig bliana déag ar an tsean-nós. Agus seo cailín as Baile Átha Cliath agus bhí Meaití ag cur ceiste uirthi, tá a fhios agat, 'Cén áit ar fhoghlaim tú do chuid amhrán? Tá stíl Chonallach agat' – agus bhí, ar ndóigh – agus d'éirigh go maith léi – tháinig sé léi go nádúrtha agus d'fhoghlaim sí sin.

**Ar mhaith leat véarsa beag a chasadh dúinn?**
Maith go leor. Ceolfaidh mé véarsa den 'tSeanbhean Bhocht' b'fhéidir.

## Ceisteanna Léamhthuisceana

a) Cén chanúint ina bhfuil an t-alt seo scríofa? ___________________________

b) Tá leaganacha cainte, focail agus rialacha áirithe gramadaí a úsáidtear sa chanúint sin nach mbeadh coitianta ar fud na tíre. Scríobh do leagan féin díobh seo a leanas:

| Canúint | Do leagan féin |
|---|---|
| achan bhliain | |
| iontach maith | |
| fosta | |
| sa tsean-nós | |
| amhrán a cheol | |

c) Tá 'in Chicago' scríofa san alt seo, agus é ceart. Cén fáth nach 'i Chicago' atá ann?

d) Cad is brí le 'stíl Chonallach'?

e) Cén íomhá atá agat den amhránaíocht ar an sean-nós? Ar chuala tú an amhránaíocht ar an sean-nós riamh? Cad a cheapann tú di?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

f) An bhfuil aon amhrán Gaeilge ar eolas agat? Ar fhoghlaim tú amhráin ar scoil?

g) Cén dearcadh atá ag muintir na hÉireann, i gcoitinne, ar an amhránaíocht i nGaeilge, dar leat?

h) Breac síos gach sampla den bhriathar ‘bí’ atá san alt deireanach sa sliocht.

i) An bhfuil an briathar saor den bhriathar ‘bí’ ar eolas agat i ngach aimsir?

j) Cén difríocht atá idir ‘Táim’ agus ‘Bím’? Labhair leis an duine atá le do thaobh agus tugaigí roinnt samplaí dá chéile.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# F: CUMARSÁID

**1. Caint agus Comhrá:**
Déan plé ar na ceisteanna seo a leanas leis an duine atá in aice leat.

a) Cad iad na teangacha atá agat?

b) An bhfuil sé níos fusa do dhuine dátheangach teanga eile a fhoghlaim?

c) An bhfuil an Ghaeilge deacair le foghlaim, dar leat?

d) Cé acu is fusa duitse agus tú ag foghlaim na Gaeilge – scríobh/léamh/caint?

**2. Obair bheirte:**

Tá seans agaibh anois – tú féin agus an duine atá in aice leat – an 'rang foirfe Gaeilge' a chruthú.
Cén chuma a bheadh air?
Cruthaigh plean ceachta sa spás thíos agus nuair a bheidh sibh réidh, mínigh don rang céard a bheadh i gceist.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# G: MACHNAMH

### 1: Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d’fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

## 2: Líon isteach roinnt de na heochairfhocail nua/úsáideacha a d'fhoghlaim tú san aonad seo:

| | Gaeilge | Béarla | | Gaeilge | Béarla |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | | | 16. | | |
| 2. | | | 17. | | |
| 3. | | | 18. | | |
| 4. | | | 19. | | |
| 5. | | | 20. | | |
| 6. | | | 21. | | |
| 7. | | | 22. | | |
| 8. | | | 23. | | |
| 9. | | | 24. | | |
| 10. | | | 25. | | |
| 11. | | | 26. | | |
| 12. | | | 27. | | |
| 13. | | | 28. | | |
| 14. | | | 29. | | |
| 15. | | | 30. | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

Ar fáil anseo

**Foinse:** *YouTube*

Bhí m'athair ag damhsa is dóigh sna seachtóidí cheapfainn, agus thaistil sé ar fud an domhain. Agus níor mhúin m'athair muide riamh, mé féin ná mo dheartháir, ná ceachtar againn, ach bhíodh sé ag déanamh corrsteip, agus bhíodh muid ag breathnú air...agus mar a deir mé, an grá a bhí againn don sean-nós, sin é an fáth a bhfuil muid á leanúint[1] is á choinneáil ag imeacht. Agus le cúnamh Dé, tá muid ag iarraidh é sin a thabhairt ó ghlúin go glúin. B'fhéidir nach bhfuil mé féin ná Pádraic chomh maith leis fós, b'fhéidir lá éigin[2] go mbeadh.

*...Ceol agus damhsa...*

Níl aon chall duit a bheith chomh dáiríre sin leis an sean-nós, mar rud é an sean-nós, gabhfaidh tú amach ansin, agus tá tú ceaptha taitneamh a bhaint as. An rud is tábhachtaí dúinne mar dhamhsóirí[3] ná an seanstíl a choinneáil beo. Níor athraigh muide an stíl a bhí ag ár n-athair, agus tá mé ag ceapadh gurb é an stíl a bhíodh m'athair a dhéanamh, gurbh shin an stíl a bhí ann roimhe sin. Damhsa íseal don[4] talamh, céimeanna beaga deasa.

[1] *leanacht* a deirtear i gcaint Chonnacht
[2] *eicínt* a deirtear i gcaint Chonnacht
[3] *mar damhsóirí* a deirtear san fhíseán
[4] *gon* a deirtear (den chuid is mó, titeann na réamhfhocail *de, do* agus *go* isteach ina chéile i gcaint Chonnacht)

# FREAGRAÍ

## B: FOCLÓIR

| | Gaeilge | Béarla / Míniúchán |
|---|---|---|
| **a)** | Feamainn | *Seaweed* |
| **b)** | Lán mara | *High tide* |
| **c)** | Díthrá | *Low tide* |
| **d)** | Duirling | *Pebble beach* |
| **e)** | Cladach | *Seafront* |
| **f)** | Ceobhrán | *Drizzle / haze / mist* |
| **g)** | Curach | *Traditional Irish boat from the West of Ireland* |
| **h)** | Naomhóg | *Canvas covered traditional Irish boat from the South of Ireland* |

## C: CLUASTUISCINT

**a)** Sna seachtóidí.
**b)** Níor mhúin sé é riamh.
**c)** Mar gheall ar an ngrá atá aige don sean-nós.
**d)** An seanstíl a choinneáil beo.
**e)** Níor athraigh.
**f)** Coinnítear na cosa i ngar don talamh agus is céimeanna beaga deasa a dhéantar.

## D: FEASACHT TEANGA

| | Samplaí den TG | Ainmfhocal + ainmfhocal | Seilbh | An t-ainm briathartha | Réamhfhocal áirithe | Réamhfhocal chomhshuite | Cainníocht éiginnte |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| a) | Ag íoc **cíosa** | | | X | | | |
| b) | Ar fud **na háite** | | | | | X | |
| c) | Tar éis **na scoile** | | | | | X | |
| d) | Os comhair **an fhoirgnimh** | | | | | X | |
| e) | Seomra **ceoil** | X | | | | | |
| f) | Carr **Mháire** | | X | | | | |
| g) | Cois **teallaigh** | | | | X | | |
| h) | An t-uafás **airgid** | | | | | | X |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

**5.**

| | An tAinmfhocal | An Tuiseal Ainmneach | An Tuiseal Ginideach |
|---|---|---|---|
| a) | **Bileog** | An bhileog | Ag bun **na bil**eoige |
| b) | **Bord** | An bord | Os comhair **an bh**oird |
| c) | **Súil** | An tsúil | Dath **na s**úile |
| d) | **Amhrán** | An **t-**amhrán | Fad **an a**mhráin |

**6.**

| | Frásaí | An Tuiseal Ginideach |
|---|---|---|
| a) | Ag scríobh (an litir) | Ag scríobh na litreach |
| b) | Ainm (an mháthair) | Ainm na máthar |
| c) | Trasna (an bóthar) | Trasna an bhóthair |
| d) | I rith (an geimhreadh) | I rith an gheimhridh |
| e) | Ag tarraingt (pictiúr) | Ag tarraingt pictiúir |
| f) | Ag ceiliúradh (an ócáid) | Ag ceiliúradh na hócáide |
| g) | Tréimhse (an samhradh) | Tréimhse an tsamhraidh |
| h) | An iomarca (airgead) | An iomarca airgid |
| i) | Tar éis (an obair) | Tar éis na hoibre |
| j) | Le linn (an am) | Le linn an ama |

# E: LÉAMHTHUISCINT

**1.**

**a)** **Canúint Chonnacht**

**b)**

| Canúint | Caighdeán |
|---|---|
| **pisreoga** | pis**eoga** |
| **ag iascach** | ag iasca**ireacht** |
| **le n-ithe** | le **h**ithe |

**2.**

**a)** **Canúint Uladh**

**b)**

| Canúint | Do leagan féin |
|---|---|
| **achan bhliain** | Gach bliain |
| **iontach maith** | An-mhaith |
| **fosta** | Freisin / chomh maith |
| **sa tsean-nós** | Sa sean-nós |
| **amhrán a cheol** | Amhrán a rá / chanadh |

**c)** Úsáidtear ‘i’ más logainm Gaeilge atá i gceist agus ‘in’ más logainm Béarla atá i gceist.
**d)** Is ionann ‘Conallach’ agus duine arb as Tír Chonaill é/í. Tír Chonaill a thugtar ar cheantar Gaeltachta Dún na nGall.
**h)** Bhí, bhí, bhíodh, bhíodh, bhíodh, bhí, bhí, bhí
**j)** ‘Táim’ = Aimsir Láithreach. Úsáidtear é nuair atá rud ag tarlú faoi láthair.
‘Bím’ = Aimsir Ghnáthláithreach. Úsáidtear é nuair a tharlaíonn rud go rialta/arís agus arís eile/go seasta.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 